



General Certificate of Secondary Education
2011

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

Matamaitic

Modúl N2 Páipéar 1
(Gan Áireamhán)
Bonnsraith

[GMN21]

DÉ MÁIRT 31 BEALTAINE

9.15 am–10.00 am



AM

45 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair **gach ceann** de na **3 cheist déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

Don Scrúdaitheoir
amháin

Uimhir Ceiste	Marcanna
---------------	----------

1

2

3

4

5

6

7

8

9

10

11


12

13

Marc Iomlán

Bileog Foirmlí

Toirt priosma = achar trasghearrtha × fad



1 Taispeánann an léaráid gais is duillí an meáchan atá i málaí oinniún.

3	5 7 8 9
4	2 5 6 8 9 9
5	1 3 4

Eochair: Tá 3 | 5 = 3.5 kg

Scríobh


(a) an raon,

Freagra _____ kg [1]

(b) an t-airmheán.

Freagra _____ kg [1]

2 Úsáid an léaráid crann cinnteoireachta leis na huimhreacha seo a shórtáil isteach sna boscaí cearta.



[2]

3 Ríomh

(a) 0.6×0.4

Freagra _____ [1]

(b) $\frac{5}{6} - \frac{1}{2}$

Freagra _____ [2]

(c) $7.3 - 3.86$

Freagra _____ [1]

(d) $\frac{3}{4} \times \frac{2}{5}$ agus scríobh do fhreagra san fhoirm is simplí.

Freagra _____ [2]

4 Réitigh

(a) $\frac{p}{6} = 3$


Freagra $p =$ _____ [1]

(b) $3t - 7 = 5$

Freagra $t =$ _____ [2]

5 Léarscáil imchrutha d'Oileán Tanua atá anseo thíos.

Is dhá óstán ar an oileán seo iad Atlas agus Barracuda.



Scála: 1 cm = 5 km

(a) Úsáid an léarscáil leis an fhíorfhad idir Atlas agus Barracuda a ríomh.

Freagra _____ km [2]

(b) Tá óstán nua, an Capri, á thógáil 25 km ar shiúl ón óstán Atlas ar three-uillinn 110° . Marcáil suíomh ceart an óstáin nua seo. [2]

6 Itheann teaghlach áirithe $\frac{3}{5}$ de bhuilín aráin gach lá.


Cad é an líon is lú de bhuilíní a bheidh de dhíth orthu le haghaidh 9 lá?

Freagra _____ [3]

7 Tá na línte AB, CD agus EF comhthreomhar.

Tá uillinneacha 96° agus 60° marcáilte ar an léaráid mar a thaispeántar.

Ríomh méid na n-uillinneacha atá marcáilte x , y agus z .



Nil an léaráid tarraingthe go beacht

Freagra Uillinn $x = \underline{\hspace{1cm}}$ $^\circ$ [1]

Uillinn $y = \underline{\hspace{1cm}}$ $^\circ$ [1]

Uillinn $z = \underline{\hspace{1cm}}$ $^\circ$ [1]

8 Tarraing an graf de $y = 4 - 3x$ ar an ghrafpháipéar thíos.


Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna Athmharc



[3]

- 9 Taispeánann an tábla na marcanna a thug dhá mholtóir do na chéad ocht n-iomaitheoir i gcomórtas.

Moltóir A	18	15	17	13	19	15	12	18
Moltóir B	17	13	16	13	18	16	14	16



- (a) Tá na chéad 3 phointe breactha cheana féin.

Úsáid na sonraí leis an scaipghraf a chomhlánú. [2]

- (b) Tarraing líne an oiriúnaithe is fearr. [1]

- (c) Thug Moltóir A 14 mharc d'iomaitheoir eile.

Déan meastachán ar na marcanna a thug Moltóir B don iomaitheoir seo.

Freagra _____ [1]

- (d) Cad é an cineál comghaoil atá léirithe sa ghráf?


Freagra _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

- 10 (a)** Tá cruth leathchiorclach ar mhata luiche ríomhaire. Is é 20 cm an trastomhas.

Ag glacadh leis go bhfuil $\pi = 3.142$, ríomh achar an mhata.



Freagra _____ cm^2 [2]

- (b)** Faigh lárphointe na líne a cheanglaíonn na pointí A $(-1, 6)$ agus B $(3, -2)$.

Freagra (_____ , _____) [2]

- 11** Scríobh 84 mar iolrach d'fhachtóirí príomha. Scríobh an freagra i nodaireacht na séan.

Freagra _____ [3]

12 Forbair agus simpligh

$$(x - 6)(x + 4)$$

Freagra _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

- 13 Thairfid múinteoir an méid ama a chaith 100 mac léinn ag amharc ar an teilifís deireadh seachtaine amháin. Chuir sé na hamanna i ngrúpaí mar a thaispeántar sa tábla.

Am t (uaireanta an chloig)	Minicíocht		
$0 < t \leq 2$	4		
$2 < t \leq 4$	18		
$4 < t \leq 6$	32		
$6 < t \leq 8$	20		
$8 < t \leq 10$	16		
$10 < t \leq 12$	10		

Ríomh meastachán ar an mheánam.

Freagra _____ uair an chloig [4]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.